



TRÍ CHOMHARSA Ó CHOMHPHÁIRTÍOCHT AN OIRTHIR: AN ÚCRÁIN, AN MholdÓIV AGUS AN BHEALARÚIS

Clúdaíonn beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir de chuid AE, a bunaíodh in 2009, sé stát iar-Shóivéadacha: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin. Cruthaíodh é chun tacú le hiarrachtaí athchóirithe polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha sna tíortha sin, arb é is aidhm dó daonlathú, dea-rialachas, slándáil fuinnimh, cosaint an chomhshaoil, agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a mhéadú. Tá na comhaltaí go léir seachas an Bhealarúis rannpháirteach sa Tionól Parlaiminteach Euronest.

AN ÚCRÁIN

An agóid ar son an Aontais Eorpaigh a reáchtáladh i gcoinne Victor Yanukovich, a bhí ina Uachtarán ag an am, a chuir tús leis na himeachtaí drámatúla atá ar siúl san Úcráin ó mhí na Samhna 2013, nuair a chinn sé gan an Comhaontú Comhlachais le AE a shíniú, a inisíodh i mí an Mhárta 2012. Lean athrú rialtais agus olltoghcháin as an ngluaiseacht sin ar deireadh i mí Dheireadh Fómhair 2014, olltoghcháin inar éirigh leis na páirtithe a bhí ar son na hEorpa agus ar son an athchóirithe teacht i gcumhacht.

Tar éis ghluaiseacht Euromaidan, ghabh an Rúis seilbh ar an gCrimé go mídhleathach i mí an Mhárta 2014, agus bhris coinbhleacht armtha amach go tobann in oirthear na hÚcráine, coinbhleacht a bhí á saighdeadh ag scarúnaithe le tacaíocht na Rúise. Dé réir na Náisiún Aontaithe, rinneadh níos mó ná 12 000 duine a mharú san Úcráin ó thosaigh an choinbhleacht^[1]. Áirítear leis sin, an 298 nduine a bhí ar bord eitilt MH17 de chuid Aerlínte na Malaeisia, a thuairteáil i réigiún a bhí faoi smacht-ag na scarúnaithe.

D'ainneoin chomhaontuithe Mhionsc a socraíodh in 2015, agus na bhformáidí caibidlíochta a bunaíodh, amhail an Grúpa Teagmhála Tríthaobhach (ESCE, an Rúis agus an Úcráin) agus formáid na Normainne (an Rúis, an Úcráin, an Ghearmáin agus an Fhrainc), tá amhras faoi inbhuanaitheacht an tsosa cogaidh de bharr na gcaismirtí troda a tharlaíonn ó am go chéile. Déanann AE ceangal idir a smachtbhannaí eacnamaíocha i gcoinne na Rúise agus comhlíonadh iomlán Mhoscó le comhaontú Mhionsc. Tá na smachtbhannaí i bhfeidhm riamh ó shin.

An 11 Meitheamh 2017, rinneadh taisteal gan víosa chuig AE ar feadh 90 lá do shaoránaigh na hÚcráine a raibh pasanna bithmhéadracha ina seilbh acu a chur i bhfeidhm, de bharr go ndearna an Úcráin tagarmharcanna an phlean gníomhaíochta léirscaoilte víosaí a chomhlíonadh. Is éard is aidhm don chóras taistil gan víosa

[1] <https://www.ohchr.org/Documents/Countries/UA/ReportUkraine16Nov2018-15Feb2019.pdf>



seo ná teagmhálacha idirphearsanta a éascú agus naisc ghnólachta, shóisialta agus chultúrtha idir AE agus an Úcráin a neartú^[2].

Tháinig an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017, tar éis é a bheith i bhfeidhm go sealadach agus go comhpháirteach ón 1 Samhain 2014. An 1 Eanáir 2016, tháinig an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA) i bhfeidhm ina iomláine, ceann de chlocha coirnéil an chomhaontaithe.

Tugann an Comhaontú Comhlachais deiseanna eacnamaíocha nua do AE agus don Úcráin araon. De thoradh air sin, rinne AE a sheasamh mar mhórpháirtí trádála na hÚcráine a threisiú. In imeacht na chéad ocht mí de 2017, tháinig ardú tuairim is 27% ar onnmhairí ón Úcráin chuig AE agus ar allmhairí ón AE chuig an Úcráin araon i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin^[3].

Sna toghcháin uachtaránachta a reáchtáladh i mí an Aibreáin 2019, fuair an t-iarrthóir nua Volodymyr Oleksandrovych Zelensky an ceann is fearr ar an Uachtarán Poroshenko. Tá sé beartaithe go reáchtálfar na holltoghcháin i nDeireadh Fómhair 2019.

Chomh maith le tacaíocht pholaitiúil, tá pacáiste tacaíochta arb ionann é agus EUR 12.8 billiún geallta ag AE chun tacú leis an bpróiseas athchóirithe san Úcráin, a bhfuil EUR 2.81 billiún de eisithe cheana i dtacaíocht mhacra-airgeadais (MFA). Faoi chlár oibre athchóirithe atá sainithe go comhpháirteach, bíonn AE ag deanamh faireachán géar ar an dul chun cinn i sraith réimsí tosaíochta: an comhrac i gcoinne an éillithe, athchóiriú ar chóras na mbreithiúna, athchóirithe bunreachtúla agus toghcháin, chomh maith leis an timpeallacht ghnó a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh, agus an riarachán poiblí a athchóiriú. Rinneadh an tríú agus an tráthchuid deiridh dar luach EUR 600 milliún den MFA a chur ar ceal an 18 Eanáir 2018 mar gheall gur theip ar an Úcráin na coinníollacha a bhí leagtha síos a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún clár MFA nua arb ionann é agus EUR 1 bhilliún a mholadh i mí an Mhárta 2018, ar thug an Pharlaimint faomhadh ina leith i mí an Mheithimh 2018, agus rinne an Chomhairle amhlaidh i mí Iúil 2018^[4].

I bhFómhar 2014, bhunaigh an Coimisiún [Grúpa Tiomnaithe Tacaíochta don Úcráin](#), inar cuimsíodh saineolaithe ó institiúidí agus ó Bhallstáit AE, a dhéanann comhordú agus comhairle a chur ar fáil d'údaráis na hÚcráine sna príomhearnálacha athchóirithe.

Déanann [Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin \(EUAM\)](#), ar imlonnaíodh é san Úcráin i mí na Nollag 2014, tacaíocht idirnáisiúnta don earnáil slándála shibhialtach a chomhordú agus, chomh maith le gníomhaíochtaí oibríochtúla, deanann sé comhairle straitéiseach a sholáthar, lena n-áirítear oiliúint, d'údaráis na hÚcráine maidir le conas seirbhísí slándála inbhuanaithe, cuntasacha agus éifeachtúla a fhorbairt a dhéanann an smacht reachta a neartú.

[2]https://eeas.europa.eu/headquarters/headquarters-Homepage/4081/eu-ukraine-relations-factsheet_ga

[3]https://eeas.europa.eu/headquarters/headquarters-Homepage/4081/eu-ukraine-relations-factsheet_ga

[4]http://europa.eu/rapid/press-release_IP-18-6600_en.htm



A. Seasamh Pharlaimint na hEorpa

Ó cuireadh tús leis an téarma reachtach reatha i mí Iúil 2014, rinne Parlaimint na hEorpa 19 rún a bhaineann leis an Úcráin a rith. Rinneadh an ceann is déanaí, maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE leis an Úcráin, a ghlacadh an 12 Nollaig 2018. Rinne Parlaimint na hEorpa rún maidir leis an staid i Muir Mheoid a rith an 25 Deireadh Fómhair 2018. In 2018, bhronn an Pharlaimint Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta ar an stiúrthóir scannán Oleg Sentsov, ar gearradh téarma 20 bliain príosúnachta sa Rúis air de bharr agóidíocht i gcoinne fhorghabháil mhídhleathach na Rúise ar an gCrimé.

B. Comhar idirpharlaiminteach

Faoi cheannaireacht Elmar Brok, an Feisire de Pharlaimint na hEorpa atá i gceannas ar a gníomhaíochtaí tacaíochta don daonlathas san Úcráin, tá Parlaimint na hEorpa freisin i mbun clár forleathan fothaithe acmhainneachta a chur chun feidhme i gcomhair Pharlaimint na hÚcráine, an Verkhovna Rada. Cuireann na hiarrachtaí sin leis na moltaí a bhí tarraingthe suas mar chuid den mhisean measúnaithe ar riachtanais a bhí déanta ag Uachtarán na Parlaiminte Cox idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí Feabhra 2017.

Tá an Pharlaimint freagrach chomh maith as próiseas idirghabhála, Idirphlé Jean Monnet, a stiúradh, a thugann le chéile spéicéir an Verkhovna Rada agus ceannairí na ngrúpaí polaitiúla chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sin.

Is é an Meabhrán Tuisceana, a síníodh leis an Verkhovna Rada an 3 Iúil 2015, agus an Comhaontú Comhair Riaracháin, a shínigh Ardrúnaithe an dá reachtas i mí an Mhárta 2016, na creataí dlíthiúla chun tógáil ar acmhainneacht agus ar thacaíocht na Parlaiminte.

Tionóladh naoú cruinniú Choiste Parlaiminteach Comhlachais AE-an Úcráin an 13 agus an 14 Márta 2019 in Strasbourg. Sa ráiteas agus sna moltaí deiridh, athdhearbhaíonn an Coiste a thacaíocht láidir do cheannasacht agus shláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta. Léiríonn sé a údar mór imní i dtaobh réigiún Donbas agus an mheathlathas ar an staid slándála sa réigiún, atá ag dul in olcas, agus déanann sé gníomhaíochtaí na Rúise i Muir Mheoid a cháineadh sa mhéid go ndéanann siad an dlí idirnáisiúnta muirí agus gealltanais idirnáisiúnta na Rúise a sháru. Tugann an Coiste aitheantas do na hiarrachtaí athchóirithe a rinneadh ó 2014 d'ainneoin na gcoinníollacha a bhí thar a bheith neamhfhabhrach, agus is díol sásaimh dó, go háirithe, an dul chun cinn a rinneadh i réimsí amhail fuinneamh, sláinte, riarachán poiblí, pinsin, oideachas, dílárú, chomh maith le soláthar poiblí, cosaint agus slándáil na hearnálacha baincúireachta agus airgeadais, reachtaíocht chorparáideach agus rialachas. Athdhearbhaíonn sé chomh maith go bhfuil comhrac éifeachtach i gcoinne an éillithe ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an bpróiseas athchóirithe ina iomláine agus chun athchóiriú an chórais breithiúna a thabhairt chun críche^[5].

[5] <http://www.europarl.europa.eu/delegations/en/d-ua/activities/inter-parliamentary>



C. Breathnóireacht toghcháin

Bhí Parlaimint na hEorpa an-ghníomhach agus breathnóireacht á déanamh aici ar na toghcháin san Úcráin, agus chuir sí trí mhisean breathnóireachta chun na tíre in 2014-2015: le haghaidh na dtoghchán uachtaránachta an 25 Bealtaine 2014, le haghaidh na n-olltoghchán an 26 Deireadh Fómhair 2014 agus le haghaidh na dtoghchán áitiúil an 25 Deireadh Fómhair 2015.

Reáchtáladh na toghcháin do Dhúma na Rúise ar fud chríoch na Crimé an 18 Meán Fómhair 2016, ach ní dhearna an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine.(ESCE ODIHR) breathnóireacht ar na toghcháin sin. An 18 Marta 2018, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta na Rúise sa Chrimé chomh maith, toghcháin a tharraing cáineadh agus a spreag AE le smachtbhannaí nua a ghlacadh^[6]. An 11 Samhain 2018, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta agus olltoghcháin sna réigiúin in oirthear na hÚcráine. Níor thug AE aitheantas do na toghcháin sin agus mheas sé iad a bheith mídhleathach agus i gcoinne ábhar agus mheon chomhaontuithe Mhionsc. Chuir Parlaimint na hEorpa misean breathnóireachta chun na tíre le haghaidh na dtoghchán uachtaránachta i mí an Mhárta/Aibreáin 2019. De réir ODIHR, rinneadh saoirsí bunúsacha a urramú tríd is tríd agus d'fhéadfadh iarrthóirí dul i mbun feachtais gan bhac. Bhí an vótáil dea-eagraithe, trédhearcach agus éifeachtach. Bhí roinnt neamhrialtachtaí agus léirithe go leor ann ar mhí-úsáid acmhainní stáit agus ar cheannach vótaí rud a bhain an bonn d'inchreidteacht an phróisis.

AN Mholdóiv

An 27 Meitheamh 2014, shínigh AE agus an Mholdóiv Comhaontú Comhlachais, lena n-áirítear Comhaontú Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA), a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2016. Déanann an Comhaontú Comhlachais ceangail pholaitiúla agus eacnamaíoch na Moldóive le AE a neartú. Déanann sé plean athchóirithe a leagan amach i réimsí atá ríthábhachtach i dtaca le dea-rialachas agus forbairt eacnamaíoch chomh maith le comhar i roinnt earnalácha a neartú. Trí shíniú an chomhaontaithe, thug an Mholdóiv gealltanais i leith a beartais intíre a athchóiriú ar bhonn dlíthe agus chleachtais an Aontais Eorpaigh. Déantar an treo-chlár le haghaidh an Comhaontú Comhlachais a chur chun feidhme a shainiú i gClár Oibre Comhlachais athbhreithnithe 2017-2019 a glacadh i mí Lúnasa 2017, agus a raibh 13 mhórhosaíocht ag gabháil leis. Tairbhíonn an tír de thacaíocht shuntasach an Aontais Eorpaigh as an clár oibre uaimhianach sin a chur i gcrích.

I mí Aibreáin 2014, bhí an Mholdóiv ar an gcéad tír i gComhpháirtíocht an Oirthir a bhain tairbhe as córas taistil gan víosa. Tar éis scannal maidir le calaois baincéireachta in 2014, rinneadh cúnamh AE a chur ar fionraí go sealadach. Ag deireadh na bliana 2016, áfach, tar éis a theacht ar chomhaontú maidir le clár idir an Mholdóiv agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), arbh é an phríomhaidhm a bhí leis ná an earnáil baincéireachta a chobhsú, lean AE ar aghaidh lena thacaíocht buiséid a eisíoc. Le linn

[6] <https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2018/05/14/ukraine-eu-adds-five-persons-involved-in-the-organisation-of-russian-presidential-elections-in-illegally-annexed-crimea-and-sevastopol-to-sanctions-list/>



thréimhse 2014-2017, b'ionann idir EUR 335 mhiliún agus EUR 410 milliún an cúnadh a fuair an Mholdóiv faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI). Rinneadh clár ilbhliantúil AE do 2017-2020 (EUR 284 mhiliún go EUR 348 milliún) a ghlacadh i Meán Fómhair 2017 agus díríonn sé ar na hearnálacha tosaíochta seo a leanas: forbairt eacnamaíoch agus deiseanna margaidh; institiúidí agus dea-rialachas a neartú, lena n-áirítear an smacht reachta agus an tslándáil; lúdracht, éifeachtúlacht fuinnimh, an comhshaol agus athrú aeráide; agus soghluaisteacht agus teagmhail duine le duine.

De thoradh olltoghcháin na Moldóive in 2014, bunaíodh comhghuaillíocht idir na Liobrálaithe agus na Daonlathaithe, cé gurbh é an Páirtí Sóisialach, atá ar son na Rúise, an páirtí ba mhó ar tháinig rath air. Tháinig athrú ar chomhdhéanamh an rialtais roinnt uaireanta, áfach, agus tháinig athrú as cuimse ar chleamhnachtaí na bpáirtithe sa Pharlaimint chomh maith, rud a rinne an dreach polaitiúil a athrú agus a rinne béim a leagan ar éagobhsaíocht pholaitiúil na tíre. I bhFómhar 2016, d'éirigh le Igor Dodon, iarrthóir an Pháirtí Shóisialaigh atá ar son na Rúise, na toghcháin uachtaránachta a bhuanachan.

I mí Iúil 2017, ghlac an chomhghuaillíocht rialaithe dlí toghcháin nua, ag aistriú ó chóras cionmhar go córas measctha, le 51 Teachta Parlaiminte tofa i dtoghcheantair aontachta agus 50 Teachta Parlaiminte tofa trí ionadaíocht chionmhar, d'ainneoin tuairimí diúltacha Choimisiún na Veinése , ESCE ODIHR agus roinnt ceannairí ón Aontas Eorpach ina leith. I mí Feabhra 2019, d'éirigh leis an bPáirtí Sóisialach na holltoghcháin a bhuanachan arís (35 suíochán), tháinig an Páirtí Daonlathach ina dhiaidh (30 suíochán), bloc ACUM (26 suíochán) agus Páirtí Sor (7 suíochán). Déanann ACUM ionadaíocht ar na vótálaithe nach mian leo tacaíocht a thabhairt do na Sóisialaithe ach nach raibh sásta le rialú an Pháirtí Dhaonlathaigh le cúig bliana roimhe sin, a bhí faoi scamall ag cúbláil pholaitiúil agus ag éilliú.

Is dúshlán mór fós don Mholdóiv í an tsaincheist maidir le réigiún scarúnaíoch Thras-dnístria, a bhfuil a neamhspleáchas fógartha go haontaobhach aici. Tá AE rannpháirteach mar bhreathnóir i bpróiseas caibidlíochta 5+2 maidir le coinbhleacht Thras-dnístria a réiteach agus tacaíonn sé go leanúnach le réiteach cuimsitheach, síochánta a bheidh bunaithe ar cheannasacht agus ar shláine chríochach na Moldóive le stádas speisialta do Thras-dnístria.

Chomh maith leis sin, tagann an teannas polaitiúil atá idir an Chísineá agus Comrat, príomhchathair Gagauzia, chun cinn ó am go chéile, mar thoradh ar an stádas speisialta atá ag Gagauzia.

A. Seasamh Parlaimint na hEorpa

An 4 Iúil 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a [seasamh](#) maidir le togra ón gCoimisiún lena ndéantar EUR 100 milliún i dtacaíocht mhacra-airgeadais (MFA) a dheonú don Mholdóiv. Chuir an Parlaimint i bhfáth go mba cheart go gcuideodh an chabhair sin le taca a chur faoina forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus chuir sí in iúl go láidir go mbeadh urraim do shásraí éifeachtacha daonlathacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach agus an smacht reachta, ina réamhchoinníoll i dtaca le tacaíocht mhacra-airgeadais a leithdháileadh. I mí Iúil 2018, rinneadh an chéad tráthchuid den MFA a chalcadh tar éis neamhbhailíochtú na dtoghchán áitiúil i bpríomhchathair Chísineá, nuair a d'éirigh leis an iarrthóir freasúra Nastase na toghcháin a bhuanachan.



B. Comhar idirpharlaiminteach

In 2014, rinneadh caidreamh AE-an Mholdóiv a chur ar bhonn foirmiúil le síniú an Chomhaontaithe Comhlachais. Tionóladh céad chruinniú Chomhairle Comhlachais AE-an Mholdóiv an 16 Marta 2015, agus tionóladh an séú cruinniú de chuid Choiste Comhlachais AE-an Mholdóiv i gCísineá i mí Aibreáin 2018^[7]. Sa doiciméad a bhfuil an ráiteas agus na moltaí deiridh luaite ann, molann an Coiste d'institiúidí na Moldóive comhoibriú le chéile agus díriú ar athchóirithe inláimhsithe arb é is aidhm dóibh feabhsuithe nithiúla i saol shaoránaigh na Moldóive a chur i gcrích, lena n-áirítear rathúnas a mhéadú agus an smacht reachta a neartú, agus béim á leagan aige ar an ngá atá ann go leanfar ar aghaidh ag díriú ar an gComhaontú Comhlachais/an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála a chur chun feidhme. Déanann an Coiste béim a leagan ar an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta san fhaireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais. Meabhraíonn sé chomh maith an tábhachtach a bhaineann le hiolrachas na meán a áirithiú, lena n-áirítear iolracht cainéal teilifíse, agus na meáin neamhspleácha a chosaint chomh maith le sairse cainte. Ar deireadh, rinneadh béim ar leith a leagan ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus sciúrtha airgid agus an gá atá le córas breithiúna neamhchlaonta agus atá ag feidhmiú go maith a chur chun cinn, agus na húdaráis á spreagadh chun a áirithiú go ndíríonn an straitéis ceartais nua do 2018-2020 ar na heasnamh atá cheana ann.

C. Breathnóireacht toghcháin

Tugadh cuireadh don Pharlaimint chun breathnóireacht a dhéanamh ar na holltoghcháin ar fad a reáchtáladh sa Mholdóiv le déanaí. Rinne toscaireacht Pharlaimint na hEorpa breathnóireacht ar na toghcháin uachtaránachta in 2016 chomh maith. Mhol an toscaireacht saothar an choimisiúin toghcháin lárnaigh agus mhol sí chomh maith an líon mór iarrthóirí ar iarrthóirí baineanna iad, fad agus go ndearna siad mí-úsáid acmhainní riaracháin, an easpa trédhearcachta i dtaca le maoiniú feachtais agus clúdach neamhchothrom na meán cháineadh. I mí Feabhra 2019, rinne an Pharlaimint breathnóireacht ar olltoghcháin na Moldóive agus mhaígh sí nár bhain aon mhórtitheagmais don vótáil agus go ndearnadh é a bhainistiú go maith tríd is tríd. Bhí údair inní ann áfach, i dtaobh tuairiscí maidir le saoránaigh ag fáil íocaíochta chun vótáil ar son páirtithe áirithe i ngluaiseacht eagraithe de vótálaithe a tháinig ar bhusanna ó Thras-dnístria. Dúradh i réamhthuarascáil ODIHR go ndearna na líomhaintí maidir leis an mbrú a cuireadh ar oifigigh poiblí, agus na léirithe láidre maidir le ceannach vótaí chomh maith leis an mí-úsáid a baineadh as acmhainní stáit, a rian a fhágáil ar an bhfeachtas. Mhaígh toscaireacht Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (PACE) go ndearna an córas toghcháin nua dearbhú ar na príomhchúiseanna inní a chuir Coimisiún na Veineise in iúl: easpa sásraí éifeachtacha chun cosc a chur ar lucht gnó saibhir tionchar a imirt ar an gcóras, chomh maith leis an drochmhaoirseacht ar chistiú na bpáirtithe agus na n-iarrthóirí agus na pionóis uireasacha.

AN BHEALARÚIS

Leis na deicheanna de bhlianta anuas, bhí an caidreamh a bhí ag AE leis an mBealarúis casta ar uairibh, de bharr sárúithe seasta ar chearta an duine agus ar chearta sibhialta

[7] http://www.europarl.europa.eu/cmsdata/141500/1150543-5_VE.pdf



sa tír. Ó 2015, áfach, tá meon níos scaoilte léirithe ag an mBealarúis i leith an Aontais Eorpaigh agus Chomhpháirtíocht an Oirthir. Tháinig feabhas ar a caidreamh le tíortha iartharacha roimh an toghchán uachtaránachta i mí Dheireadh Fómhair 2015, agus bhí ról tábhachtach aici mar óstach do chainteanna idirghabhála AE maidir leis an ngéarchéim san Úcráin. Mar fhreagairt air sin, thug AE gealltanais i leith cur chuige 'rannpháirtíocht chriticiúil' a ghlacadh leis an mBealarúis, mar atá leagtha amach i [gconclúidí](#) na Comhairle an 15 Feabhra 2016.

Cé go ndéanann AE cáineadh ar shárúithe dea-dhoiciméadaithe na Bealarúise maidir le cearta an duine, tá an Bhruiséil oscailte do thuilleadh rannpháirtíochta agus comhair eárnála ón Aontas Eorpach ar an gcoinníoll go mbeidh an caidreamh bunaithe ar luachanna comhchoiteanna. Maidir le beartas AE i leith na Bealarúise sna blianta amach anseo a chóiriú, beidh sé fíorthábhachtach go nglacfaidh an Bhealarúis céimeanna nithiúla a dhéanfaidh na saoirsí bunúsacha uilíocha, an smacht reachta agus cearta an duine a urramú, lena n-áirítear i ndáil le pionós an bháis.

An 25 Feabhra 2016, chinn an Chomhairle gan síneadh a chur le bearta sriantacha a glacadh i gcoinne an 170 duine agus na trí chuideachta ar cuireadh a liostaí ar fionraí cheana. Rinne sí, áfach, síneadh a chur le bearta eile a bhí cheana ann, lena n-áirítear trádhbhac arm, reo sócmhainní agus an toirmeasc taistil a forchuireadh ar cheathrar a liostaítear i dtaca le beirt pholaiteoirí ón bhfreasúra, fear gnó amháin agus iriseoir amháin a chuaigh ar iarraidh gan tásc, gan tuairisc. Tá síneadh curtha ag an gComhairle leis na bearta sriantacha atá cheana ann go dtí an 28 Feabhra 2020^[8].

Tosaíodh arís an tIdirphlé maidir le Cearta an Duine idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis in 2016, agus an mbabhta is déanaí ar siúl i mí Iúil 2017. Chun fóram le haghaidh idirphlé beartais a chur ar fáil ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, bunaíodh Grúpa Comhordaithe AE-an Bhealarúis in 2016. Is é an phríomhaidhm atá leis an ngrúpa seo ná comhar idir an tAontas agus an Bhealarúis a stiúradh agus an fhorbairt bhreise a dhéanfar ar an gcaidreamh a fhorfhaoirsiú. I mí Aibreáin 2018, tháinig Grúpa Comhordaithe AE-an Bhealarúis le chéile don chúigiú huair: D'athdhearbhaigh AE an gá atá le hathchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar an reachtaíocht toghcháin agus le cur i gcoinne pionós an bháis^[9].

Bíonn an Bhealarúis rannpháirteach go réamhghníomhach i bhformáidí déthaobhacha agus ilthaobhacha araon Chomhpháirtíocht an Oirthir. Tugadh na caibidlíochtaí maidir le Comhpháirtíocht Soghluaisteachta chun críche in 2017 agus tá na caibidlíochtaí maidir le comhaontuithe um eisiúint víosaí agus um athligean isteach ar siúl faoi láthair. Tá na cainteanna maidir le tosaíochtaí na comhpháirtíochta á dtabhairt chun críche ag an dá thaobh faoi láthair, a bheidh ar an gcéad doiciméad a shíneofar idir an Bhealarúis agus an tAontas Eorpach.

D'ainneoin an dul chun cinn doshéanta, tá an staid fós ina chúis imní fad agus a bhaineann le cearta an duine. Ba phointe cinniúnach eile sa chaidreamh déthaobhach a bhí sa mhaidhm agóidí a leath ar fud na Bealarúise i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2017. Rinne AE an cniogbheartaíocht ar lucht agóide síochánta a cháineadh go géar.

[8]<https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2019/02/25/belarus-eu-prolongs-arms-embargo-and-sanctions-against-4-individuals-for-one-year/>

[9]https://eeas.europa.eu/delegations/belarus_en/43689/EU-Belarus%20Coordination%20Group%20met%20for%20the%20fifth%20time



Chomh maith leis sin, is í an Bhealarúis an t-aon tír ar mhór-roinn na hEorpa atá fós ag gabháil de phionós an bháis a chur i bhfeidhm, ar tír í ina ndearnadh beirt phríosúnach a chur chun báis in 2017 agus ceathrar eile in 2018. Bíonn díospóireachtaí maidir le moratóir a chur i bhfeidhm ar phionós an bháis ar siúl go rialta, d'fhonn go bhféadfaí deireadh a chur leis ach, táthar fós ag fanacht air sin a thabhairt chun críche.

A. Seasamh Pharlaimint na hEorpa

Rinne Parlaimint na hEorpa roinnt rún a rith ag cáineadh na Bealarúise mar gheall ar a príosúnaigh pholaitiúla, a srianta ar shaoirse na meán agus ar an tsochaí shibhialta, a cliseadh maidir le cearta an duine a urramú, lena n-áirítear a cinneadh maidir le pionós an bháis a choinneáil, agus a holltoghcháin lochtacha. An 6 Aibreán 2017, rinne an Pharlaimint [rún práinneach maidir leis an staid sa Bhealarúis](#) a rith, ag cáineadh na cniogbheartaíochta a rinneadh ar agóidí síochánta ar fud na tíre i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2017. Ina rún an 9 Aibreán 2018, chuir an Pharlaimint a tacaíocht in iúl maidir le rannpháirtíocht chriticiúil AE leis an mBealarúis, fad is go mbeidh sé coinníollach ar chéimeanna nithiúla a ghlacadh ionsar dhaonlathú agus urraim do na saoirsí bunúsacha agus do chearta na duine. Go háirithe, iarann sí ar an mBealarúis a bheith rannpháirteach i moratóir domhanda ar phionós an bháis mar an chéad chéim i dtreo deireadh buan a chur leis. Ina rún an 4 Deireadh Fómhair 2018, rinne an Pharlaimint cáineadh arís ar chiapadh agus ar choinneáil iriseoirí agus na meán neamhspleách agus d'iarr sí arís eile an urraim do na prionsabail dhaonlathacha, an smacht reachta, agus do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha a neartú.

B. Comhar idirpharlaiminteach

Ní thugann Parlaimint na hEorpa aitheantas do Thionól Náisiúnta na Bealarúise mar gheall ar an gcaoi a ndéantar toghcháin a reáchtáil sa tír. Dá thoradh sin, ní dhéanann sí caidreamh déthaobhach a chothú leis an Tionól sin. Ina ionad sin, tagann Toscaireacht Pharlaimint na hEorpa don chaidreamh leis an mBealarúis le chéile le comhaltaí de fhreasúra na Bealarúise agus leis an tsochaí shibhialta chun forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha sa tír a phlé. Tá comhlíonadh chaighdeáin um thoghcháin na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) ina réamhchoinníoll do ligean isteach na Bealarúise i dTionól Parlaiminteach Euronest (rud a chiallaíonn nach suífidh Comhaltaí de Pharlaimint na Bealarúise i dTionól Parlaiminteach Euronest ná ina orgáin éagsúla, go dtí go ndéanfar na caighdeáin dhaonlathacha le haghaidh olltoghcháin a chomhlíonadh). Thaistil toscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa chun na Bealarúise ar roinnt ócáidí, áfach, i mí an Mheithimh 2015, i mí Iúil 2017 agus i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar shampla.

C. Breathnóireacht toghcháin

Ní bhfuair an Pharlaimint cuireadh ón mBealarúis chun breathnóireacht a dhéanamh ar thoghcháin ó 2011. Reáchtáladh na holltoghcháin is déanaí an 11 Meán Fómhair 2016, le misin breathnóireachta toghchán ó ESCE, ODIHR agus ó PACE.

Mario Damen
04/2019

